| Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta | **Meitheal Forbartha – Cruinniú 3, an 20 Samhain 2024**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Rialachas** | Glacadh leis na miontuairiscí agus níor cuireadh aon dearbhú ná coimhlint leasa in iúl |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin. Rinne baill na Meithle Forbartha plé ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar gach cáipéis ar mhaithe le soiléireacht a bheachtú. |
| **Snáitheanna 1 agus 2 a bhriseadh síos agus a chur i dtoll a chéile arís** | Rinne an mheitheal forbartha leasuithe agus moltaí chun Snáithe 1 agus Snáithe 2 a athstruchtúrú. Áiríodh leis sin struchtúr iomlán shnáithe 1 a choinneáil ach an t-inneachar a bheachtú, athchothromú a dhéanamh idir snáitheanna 1 agus 2 agus roinnt leasuithe molta ar chroí-choincheapa i snáithe 2, agus dearcadh rangbhunaithe a choinneáil ar na snáitheanna. |
| **Tascanna Foghlama Feidhmí agus paraiméadair T3** | Rinne an mheitheal plé ar an tsaincheist a bhaineann le hidirdhealú a bheith ann laistigh de na Tascanna Foghlama Feidhmí agus an réasúnaíocht do na tascanna sin. Rinneadh plé gairid freisin ar an tsamhail don mheasúnú agus an bhaint atá aici le Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach sa chruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus scaipfidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br>**An Chéad Chruinniú Eile:** an 10 Nollaig 2024 |